# SÍNTÍ/FORBAIRTÍ MIONATHRAITHE

# SEICLIOSTA TREORACH

Mar aon leis na riachtanais reachtúla, seo roinnt rudaí eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach maidir le hiarratais a bhaineann le síneadh/mionathrú.

Is treoir é seo agus ní liosta uileghabhálach é ach d'fhéadfadh go gcabhródh sé leat moill a sheachaint agus d'iarratas á phróiseáil:

- Seiceáil cúrsaí pleanála go dtí seo agus tabhair stair na pleanála a bhaineann leis an mbunchead. Cinntigh go bhfuil teorainneacha an láithreáin ag teacht leis an méid a ceadaíodh ar dtús, de réir mar is cuí. Tabhair aghaidh ar aon cheisteanna atá fós le réiteach maidir le teorainneacha nó maidir leis an mbunchead san iarratas ar shíneadh agus sa chur síos ar fhorbairt sna fógraí poiblí.

- Seiceáil go bhfuil gach gné den chead reatha a bhaineann leis an láithreán ag teacht leis an méid a ceadaíodh roimhe seo, mar shampla, an bealach isteach, an áit a bhfuil an teach lonnaithe, na socruithe atá ann le fáil réidh le screamhuisce etc. Mura bhfuil, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an gceist seo san iarratas ar shíneadh agus sa chur síos atá ar an bhforbairt sna bhfógraí poiblí.

- Cinntigh gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha réamhfhorbartha agus aon choinníollacha eile a bhaineann leis an mbunchead don láithreán e.g. ranníocaíochtaí, clásail feidhme, oibreacha feabhsaithe ar thaobh an bhóthair, bánna páirceála, deimhniú na daibhche séarachais/an limistéir síothlaithe nó an chórais dhílsithe cóireála screamhuisce agus an tsnasaithe, faoi mar a theastaíonn siad am na suiteála.

- Taispeáin ar mhapa suímh an láithreáin cá bhfuil an dabhach shéarachais agus an limistéar síothlaithe/an t-ionad cóireála dramhuisce agus an scagaire snasaithe le lonnú agus bíodh a méid de réir an scála.

- Mura bhfuil deimhniú faighte le haghaidh an bhunchórais cóireála screamhuisce am na suiteála, moltar go láidir duit deimhniú ó dhuine cuícháilithe a chur ar fáil dúinn, ag deimhniú an méid seo a leanas:
  (i) Acmhainn na daibhche séarachais agus fad an limistéir síothlaithe atá anois ann a dheimhniú;
  (ii) Seol isteach deimhniú ó dhuine cuícháilithe, slánaithe chun a dheimhniú go bhfuil comhpháirteanna uile an chórais daibhche séarachais atá anois ann (i.e. an dabhach shéarachais, an bosca dáilte agus an limistéar síothlaithe) ag feidhmiú go sásúil ar an láithreán agus nach bhfuil siad mífheidhmiúil; agus
  (iii) Mura bhfuil aon chomhpháirt(eanna) de chóras síothlaithe na daibhche séarachais atá anois ann ag feidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, seol isteach sonraí aon oibreacha leasúcháin a theastaíonn chun an córas cóireála screamhuisce atá anois ann a leigheas;

Mar sin féin, mura féidir deimhniú ar an méid thuas a chur ar fáil nó más gá an córas ar fad a uasghrádú, is gá an córas nua cóireála screamhuisce a uasghrádú de réir Chaighdeáin Chóras Cóireála Screamhuisce an EPA (Cód Cleachtais an EPA), agus ba cheart é seo a chur in iúl sa chur síos ar fhorbairt sna fógraí poiblí agus ba cheart an méid seo a leanas a sheoladh isteach:

i) Tuairisc Mheasúnachta ar Thréithriú an Láithreáin de réir cháipéis Chód Cleachtais an EPA agus na moltaí a dhéantar ansin do chóras dílsithe cóireála screamhuisce agus scagaire snasaithe chun freastal ar an bhforbairt.
(ii) Sonraí déantúsaíochta an chórais cóireála screamhuisce atá beartaithe, faoi mar a bhaineann siad leis an láithreán;
(iii) Ní mór pasáiste fada soiléir, mionsonraithe a bheith ag gabháil tríd an teach cónaithe/bhfoirgneamh, an t-ionad cóireála, agus an scagaire snasaithe, ag cur in iúl go soiléirí na leibhéil ábhartha, lena n-áirítear leibhéal inbhéarta an scagaire snasaithe, agus ag léiriú dhoimhneacht riachtanach na fo-ithreach neamhsháithithe thíos faoi, de réir mar is cuí agus de réir fhreagairt chosanta screamhuisce an láithreáin.
(iv) Leagan amach an láithreáin ag cur in iúl cá bhfuil an córas cóireála dramhuisce agus an scagaire snasaithe le lonnú, ag léiriú go bhfuiltear ag cloí le hachair scartha riachtanacha an EPA.

- Cuir in iúl ar mhapa suímh an láithreáin na moltaí atá ann faoi láthair agus na moltaí atá beartaithe chun fáil réidh le huisce dromchla.

- Cuir mioneolas ar fáil ar na hingearchlónna maidir leis an slacht a chuirfear ar an síneadh atá beartaithe agus na hábhair a úsáidfear chuige sin.

- Seiceáil an bhfuil an láithreán lonnaithe taobh istigh de limistéar atá aitheanta mar limistéar atá i mbaol tuilte nó an bhfuil sé gar do limistéar dá leithéid.  Má tá, moltar go láidir go ndéanfadh duine cuícháilithe measúnú riosca ar an láithreán de réir mar a fheileann agus de réir Threoirlínte an Chórais Pleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte d'Údaráis Phleanála (2009), agus go seoltar chugainn é.

- Má tá an láithreán lonnaithe ar láithreán Eorpach - ba cheart an t-eolas sin a chur san áireamh ar mhaithe le Scagadh AA.  Ba cheart mapáil a dhéanamh ar ghnáthóga agus an t-eolas ina dtaobh sin a chur ar fáil freisin más taobh istigh de láithreán ainmnithe atá an láithreán. Ba cheart aghaidh a thabhairt anseo freisin ar shocruithe atá ann maidir le dramhuisce, uisce dromchla a chur de dhroim seoil, agus riosca tuilte. Is eolas é seo a mbainfear gaisneas as sa Scagadh AA atá le déanamh ag an Údarás Pleanála.

- Sa chás go mbaineann moltaí forbartha le seanfhoirgnimh, bí san airdeall ar ialtóga.

- Má bhaineann an síneadh/t-athchóiriú molta le seanfhoirgnimh/foirgneamh áitiúil, moltar don iarratasóir tarraingtí a sheoladh isteach a thaispeánann go soiléir an méid seo a leanas:

  -Na heilimintí struchtúrtha go léir den seanfhoirgneamh/fhoirgneamh áitiúil atá ann faoi láthair agus na cinn atá le coinneáil sa mholadh nua;

-Dealú soiléir idir na forbairtí atá le coinneáil, lena n-áirítear na hoscailtí agus airde na ndíon atá ann faoi láthair, agus an fhorbairt nua atá beartaithe.

-Bain leas as seirbhísí duine cuícháilithe a bhfuil taithí agus saineolas aige ar athchóiriú chun tuairisc struchtúr /measúnú a dhéanamh ar an seanfhoirgneamh/foirgneamh áitiúil d'fhonn a chinntiú gur féidir an obair atá beartaithe a dhéanamh gan cur isteach ar shláine struchtúrtha an fhoirgnimh atá ann faoi láthair.

-Modheolaíocht mhionsonraithe chun na bearta dea-chleachtais a mholtar a chur i bhfeidhm le linn tógála a léiriú go soiléiriú, d'fhonn teacht roimh thitim an fhoirgnimh as a chéile agus sláine struchtúir an tseanteachaín a chosaint.